**Dónaillín Chathair Ard**

Bhí fear ina chónaí ar an gCathair Ard ní fadó ó shin. Dónal ab ainm do, nó Dónaillín Chathair Ard a thugadh gach éinne air. Bhí gach aon rud ag Dónaillín, feirm bhreá talún, ba ins na goirt agus caoire (caoirigh) ar an gcnoc. Ach aon rud amháin ná raibh aige, bean.

Theastaigh bean uaidh a chuirfeadh compord air i rith an lae agus a bhainfeadh an t-uaigneas de i rith na hoíche. Dhein sé gach iarracht bualadh le mná. Théadh sé go dtí ráiseanna an Daingin agus go dtí na cluichí ar fad. Ach fós níor bhuail sé leis an mbean cheart. Sa deireadh d'éirigh sé as agus dúirt gurbh é toil Dé go bhfanfadh sé singil an chuid eile dá shaol.

Aon oíche amháin bhí taibhreamh aige. Dúradh leis dul go dtí Crosaire na gCeithre Rian agus go mbuailfeadh rud éigin maith ansan leis. Nuair a d'éirigh sé ar maidin chuimhnigh sé ar an dtaibhreamh. Ach dúirt sé ná raibh ann ach samhlaíocht na hoíche. Ach i rith an lae tháinig tuairim eile chuige. Cad a bhí le cailliúint aige?

Do b'fhiú triail a bhaint as. Nuair a tháinig an oíche chuir sé a chóta mór air, thug a thóirse leis agus thug fé Chrosaire na gCeithre Rian. Bhí sé ann timpeall a haon déag a chlog agus d'fhan sé cois claí. Bhí sé ag fanacht is ag fanacht ach níor tharla faic. Ar a dó dhéag a chlog, meánoíche, bhí sé díreach chun dul abhaile nuair a chuala sé glór.

Triúr ag iompair comhrann a bhí ann agus iad ag dul go mall i dtreo an Daingin.

Tá sé deacair ar thriúr comhra a iompair. Mar sin, dhein sé an rud uasal agus chuaigh sé féin fén gcomhrainn leis an dtriúr. Leanadar ar aghaidh ag siúl go mall i dtreo an Daingin.

I gceann tamaill arsa Dónaillín "Cé tá caillte?"

Ní bhfuair sé aon fhreagra. D'fhéach sé, ní ceathrar a bhí fén gcomhrainn ach triúr. D'fhan sé ann tamaillín eile, agus chuir sé an cheist arís:


"Cé tá caillte, nó an raibh aithne agam air?"

Aon fhreagra.

D'fhéach sé agus ní raibh ann ach beirt agus é féin ag iompar.

I gceann tamaillín chuir sé an cheist arís, agus nuair a d'fhéach sé ní raibh ann ach duine amháin eile fágtha. Aon uair amháin eile a chuir sé an cheist agus ní raibh fágtha ach é féin amháin.

"'On diabhal leis sin," ar seisean, agus chaith sé uaidh an chomhra ar an dtalamh. Bhuail an chomhra an talamh agus léim an barra de.



D’fhéach Dónaillín isteach agus chonaic sé cailín álainn sínte sa chomhra. Bhí a craiceann mar an sneachta agus a grua mar an rós. Ansan d’oscail an cailín a dá súil agus shín amach a láimh.

Rug Dónaillín ar a láimh agus chabhraigh léi teacht amach.

Ansan rug sé ar an gcomhrainn agus chaith thar claí í.

Rug sé greim láimhe ar an gcailín agus d’imíodar abhaile le chéile. Bhí Dónaillín ana-shásta. Ach bhí dhá mháchail ar an gcailín. Níor labhair sí riamh agus níor dhein sí riamh aon gháire. Ach níor chuir sé sin isteach rómhór air mar bhí sé ana-shásta.

Chuir sí compord air i rith an lae agus bhain sí an t-uaigneas do i rith na hoíche.

Agus shleamhnaigh bliain thart go tapaidh. Bliain is an lá san go díreach bhí taibhreamh ag Dónaillín arís agus dúradh leis dul ar ais go Crosaire na gCeithre Rian.

Níor chuir sé aon cheist an uair seo.

Isteach san oíche dúirt sé leis an gcailín dul suas a codladh go raibh sé ag dul ar ais go dtí Crosaire na gCeithre Rian. Nuair a chuala sí an scéal san tháinig gáire ar a haghaidh don gcéad uair riamh.

Chuir Dónaillín air a chóta, chuaigh amach agus thug fé Chrosaire na gCeithre Rinn. Níorbh fhada go dtáinig sé ann agus d’fhan sé cois claí gur tháinig an mheánoíche. Ansan chuala sé ceol ag teacht ón ngort taobh leis.

D’imigh sé trasna go ciúin agus d’fhéach sé isteach sa ghort. Bhí scata daoine beaga, culaith uaithne agus caipín dearg ar gach duine acu agus iad go léir ag rince.

Bhí an píobaire suite ar charraig agus ceol á chur ar fuaid na háite aige. I gceann tamaillín stop an ceol agus léim duine in airde ar charraig agus labhair, an rí, gan dabht.

“An bhfuil sibh go léir ag baint taitnimh as an oíche?” ar seisean.


“Tá” arsa gach éinne go hard.

“Níl ach an t-aon locht agam air,” arsa an rí. “Bliain is an oíche anocht goideadh Brídín uainn. Fear ó Chathair Ard a thóg uainn í.”

Lig gach éinne osna.

"Ach deirimse aon rud amháin libh," ar seisean.

"Níl sé ag baint aon sásamh aisti mar nár labhair sí focal agus níor dhein sí gáire ó d'imigh sí. Agus mar sin a bheidh aici go bhfaighidh sí bás. Ach dá mbeadh a fhios ag an nduine san nár ghá do Bhrídín ach braon a dh'ól amach as an gcorn so, leigheasfaí ar fad í."



Nuair a bhí an chaint seo ar siúl ag an rí do shleamhnaigh Dónaillín thar claí. Díreach nuair a bhí an rí ag ardú an choirn chun a bhéil do sciob Dónaillín amach as a láimh é, agus seo leis ag rith ar a dhícheall i dtreo an tí, agus na daoine beaga go léir ina dhiaidh. Ach bhí na cosa go maith is go fada ag Dónaillín agus bhain sé amach an tigh rompu go léir. Isteach leis agus suas an staighre.

D'ardaigh sé Brídín sa leaba agus chuir an corn lena beola.

"Ól siar é seo go tapaidh!" ar seisean.

Níor ghá é a rá arís léi. D'ól sí siar an deoch.

Thuig na daoine beaga go raibh buaite orthu agus scaipeadar go léir ar ais go dtí an lios.

"Ó, a Dhónaillín," arsa Bríd, "táim chomh buíoch duit."

Do mhínigh sí do gur cailín ó Fhán í agus gur sciob na daoine maithe í blianta ó shin nuair a bhí sí amuigh ag siúl in aice leis an lios.

"Agus" ar sise, "bheinn ann go deo na ndeor ach gur shábháil tusa mé. Agus an bhfeadraís, tá m'athair is mo mháthair fós beo thiar i bhFán."

"Anois," ar sise, "tá aon jab amháin le déanamh agat. Téir go dtí feirm m'athar istoíche amárach agus tabhair leat an dá bhó is fearr atá aige."


"Iad a ghoid?" arsa Dónaillín, "ní fhéadfainn a leithéid a dhéanamh."

"Dein mar a deirimse leat, a Dhónaillín agus beidh gach aon ní ceart go leor."

Mar sin, an chéad oíche eile chuaigh Dónaillín siar go Fán. D'imigh sé timpeall an ghoirt agus thug leis an dá bhó ab fhearr a bhí ann is bhagair sé leis abhaile iad.

Nuair a d'éirigh fear Fháin ar maidin agus nuair a chuaigh sé go dtí an ngort ní raibh na ba ann roimis.

"Gadaí éigin," ar seisean, "ach ní fhéadfadh sé a bheith ró-fhada ó bhaile."



Mar sin, thosnaigh sé agus chuardaigh sé gach aon ghort sa pharóiste féachaint an raibh na ba ann. Ní rabhadar, gan dabht. Ansan, thosnaigh sé ar an gcéad pharóiste eile agus nuair a bhí sé ag éirí dorcha tháinig sé ar an dá bhó istigh i ngort Dhónaillín ar an gCathair Ard. Níor dhein sé ach dul díreach doras an tí. Bhí sé chun na gardaí a chur leo. Tháinig bean go dtí an doras.

"Há! Há!', ar seisean, "tá sibh agam. Ghoideabhair mo dhá bhó agus anois díolfaidh sibh go daor as…"

D'fhéach an bhean óg air agus ar sise, "Ná aithníonn tú mé?"

D'fhéach sé go géar uirthi.

"Is dóigh liom go bhfaca in áit éigin tú cheana," ar seisean, "b'fhéidir i dTigh Kruger thiar i nDún Chaoin."

"Ní hea, a phleidhce, nach mise t'iníon féin, Bríde atá imithe le fada."

Bhuel, nuair a chuala sé é sin, ba bheag nár thit an t-anam as. Bhí sé as a mheabhair le háthas.

"Cheapas go rabhais caillte le fada," ar seisean.

Míníodh an scéal go léir dó.

Cuireadh fios ar a bhean agus tháinig sí.

Dob é críoch agus deireadh an scéil ná gur cuireadh an dá fheirm le chéile, agus bhí an fheirm ba mhó i gCorca Dhuibhne ag Dónaillín, agus bhí bean aige ar feadh a shaoil a choimeád compordach é i rith an lae agus chun an t-uaigneas a bhaint do i rith na hoíche.